Oide

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

# FORBAIRT 2026/27

## BUNSCOIL

### CAD É AN RUD É FORBAIRT?

Is clár foghlaim ghairmiúil é Forbairt a thugann deis d'fhoirne ceannaireachta scoile machnamh a dhéanamh ar a mbealaí oibre le chéile agus feabhas a chur orthu.

Spreagann an clár rannpháirtithe chun machnamh domhain a dhéanamh ar a gcleachtas reatha, ina n-aonar agus mar bhall d'fhoireann ceannaireachta scoile. Le linn aon scoilbhliana amháin, freastalaíonn rannpháirtithe ar roinnt eispéireas foghlama gairmiúil (EFGnna) a dhéanann iniúchadh agus plé ar theoiric na ceannaireachta, mar a bhaineann sé le riachtanais reatha na Roinne Oideachais agus Óige do scoileanna.

### CAD É ATÁ AG TEASTÁIL?

• Díograis agus tiomantas d'fhoghlaim ghairmiúil faoi chúrsaí ceannaireachta

• Ceanglaítear ar gach rannpháirtí freastal ar gach EFG i gclár Forbairt agus páirt iomlán a ghlacadh iontu.

• Táthar ag súil go roinnfidh agus go bpléifidh rannpháirtithe a gcuid foghlama le linn EFGnna cónaithe le gach ball foirne ISL.

• Caithfidh gach foireann scoile tionscadal scileanna foghlama ceannaireachta scoilbhunaithe a reáchtáil, atá dírithe ar ghné dá gcuid obair foirne ceannaireachta a fheabhsú, atá ailínithe leis an gCreat Cáilíochta Ag Breathnú ar an Scoil seo Againne 2022.

• Nuair a bheidh siad críochnaithe, cuireann scoileanna tuairisc ghairid isteach ar a dtionscadal scileanna foghlama ceannaireachta.

• Déanfaidh gach foireann scoile cur i láthair gairid ar a gcuid foghlama ag lá cheiliúradh foghlama, nuair a bheidh an clár críochnaithe

### CAD E A BHÍONN I gCEIST?

Le linn na bliana acadúla, tacaítear le foirne scoilbhunaithe Forbairt trí chlár cuimsitheach. Is iad seo a leanas roinnt eilimintí a áirítear ann:

• EFGnna duine le duine

• EFGnna ar líne

•Tionscadal feabhsúcháin scileanna ceannaireachta scoile a threorú agus a chur i bhfeidhm

• Tacaíocht ceannaireachta scoile á soláthar ag Ceannaire Foghlaim Ghairmiúil Oide (CFG)

### CÉ?

Tá Forbairt oscailte d'fhoirne ceannaireachta scoile comhdhéanta de phríomhoide scoile le taithí (a mbeidh 5 bliana nó níos mó déanta acu ina ról), leas-phríomhoide, agus ceannaire scoile amháin eile*.

*(*Déantar freastal ar shuíomhanna scoile níos lú trí cheannaire múinteoirí a chur san áireamh nach bhfuil ról foirmiúil ceannaireachta/príomhoide cúnta acu sa scoil*)

### CÉN ÁIT?

Beidh an ghné duine le duine d'Fhorbairt don scoilbhliain 2026/267 ar siúl in Ionaid Tacaíochta Oideachais in **Inis**, i **Sligeach** agus san **Uaimh**. Roghnófar ionaid tacaíochta oideachais eile do na blianta ina dhiaidh sin.

### CONAS IARRATAS A DHÉANAMH

Is féidir teacht ar fhoirm iarratais Forbairt trí chliceáil anseo.

@Oide_Leadership